Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14896/25**

**SOC 725**
**EMPL 483**
**EDUC 414**
**JEUN 220**
**ECOFIN 1456**
**COMPET 1110**
**MI 867**
**MIGR 405**
**DIGIT 218**
**ENV 1151**
**FISC 299**
**SAN 699**
**GENDER 193**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas<br>– Formhuiniú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta maidir le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas atá le formhuiniú ag an gComhairle (EPSCO) ag an seisiún a bheidh aici an 1 Nollaig 2025.

An 23 Deireadh Fómhair 2025

**Na príomhtheachtaireachtaí maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas**

## 1. RÉAMHRÁ

An 11 Márta 2025, thionóil Grúpa Anailíse Beartais an Choiste Fostaíochta (EMCO) cruinniú tríthaobhach agus thug siad cuireadh d'ionadaithe ar leibhéal an Aontais agus comhpháirtithe sóisialta náisiúnta ó na Ballstáit uile chun cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le Ganntanais Lucht Saothair agus Scileanna a phlé.[1] Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta an 20 Márta 2024 mar obair leantach ar Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtithe Sóisialta Val Duchesse a tionóladh an 31 Eanáir 2024[2], plean a forbraíodh i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta chun creat coiteann a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na nganntanas lucht saothair agus scileanna. Áirítear ann, go háirithe, gealltanais a thug an Coimisiún agus na comhpháirtithe sóisialta, in éineacht le sraith glaonna ar ghníomhaíocht atá dírithe ar na Ballstáit. Sna conclúidí uaithi an 2 Nollaig 2024 maidir le *ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas: acmhainneacht saothair neamhshaothraithe a shlógadh san Aontas Eorpach*, d'iarr an Chomhairle ar EMCO '*leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna agus ar dhúshláin ghaolmhara san Aontas i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, lena n-áirítear trí phlé téamach a dhéanamh, le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, chun comhroinnt eolais agus dea-chleachtas a chur chun cinn i measc na mBallstát maidir le dul i ngleic le ganntanais lucht saothair agus scileanna*'.[3]

---

[1] "Ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas: Plean Gníomhaíochta", a foilsíodh an 20 Márta 2024.

[2] Pléadh ag Cruinniú Mullaigh Val Duchesse conas aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin eacnamaíocha agus saothair tríd an idirphlé sóisialta a neartú.

[3] Féach na Conclúidí ón gComhairle a glacadh ag an gcruinniú a bhí ag EPSCO an 2 Nollaig 2024. Sa Phlean Gníomhaíochta féin, d'iarr an Coimisiún ar EMCO '*malartuithe trípháirteacha tráthrialta a bheith acu maidir leis an tsaincheist seo, le rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus náisiúnta*'.

**Tionóladh cruinniú Ghrúpa Anailíse Beartais EMCO bliain amháin tar éis fhoilsiú an Phlean Gníomhaíochta chun na gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme go dtí seo a mheas — tráth a bhfuil teannas sa mhargadh saothair fós ag cur isteach go mór ar ionchais eacnamaíocha an Aontais**. Le linn an chruinnithe, leag na rannpháirtithe béim ar a thráthúla a bhí sé malartú trípháirteach a reáchtáil lena gcuirfí ar chumas na mBallstát agus na gcomhpháirtithe sóisialta páirt a ghlacadh i bhfíor-idirphlé sóisialta ar leibhéal an Aontais maidir leis an ábhar sin. Aithníodh go ginearálta go bhfuil ganntanas lucht saothair agus scileanna ina scrogall criticiúil maidir le fás inbhuanaithe cuimsitheach an Aontais, an t-iomaíochas idirnáisiúnta, agus athléimneacht fhadtéarmach na samhla eacnamaíche agus sóisialta, go háirithe i bhfianaise an mheatha dhéimeagrafaigh luasaithe agus éilimh phráinneacha an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Bhí an malartú sin bunaithe ar na freagraí ar cheistneoir a scaip an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar na comhpháirtithe sóisialta an 20 Nollaig 2024, agus ar nóta stiúrtha a d'ullmhaigh an Coimisiún inar tugadh forléargas ar staid na himeartha faoi láthair roimh an gcruinniú trípháirteach. Eagraíodh malartuithe téamacha maidir le réimsí beartais sonracha a cuireadh i dtábhacht sa Phlean Gníomhaíochta le linn an chruinnithe, agus chuir na Ballstáit cás-staidéir ar bhearta beartais ábhartha agus dea-chleachtais i láthair chun an plé a stiúradh[4].

[4] Orthu sin bhí: Cur chuige na hIodáile maidir le conairí imirce inbhuanaithe a chruthú; Clár oiliúna agus lánpháirtíochta na Portaingéile d'imircigh agus do thairbhithe cosanta idirnáisiúnta in earnáil na turasóireachta; Athchóiriú na Fraince ar an tseirbhís phoiblí fostaíochta darb aidhm na daoine is faide ó mhargadh an tsaothair a ghníomhachtú agus tacú leo; Scéim fostaíochta na Cipire lena ndírítear ar ghrúpaí faoi ghannionadaíocht, go háirithe daoine faoi mhíchumas; Cur chuige beartais cuimsitheach Mhálta chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna; Straitéisí na Laitvia chun dul i ngleic le ganntanais in earnáil TFC; uirlis nua tacsanomaíochta scileanna na hÍsiltíre 'CompetentNL'; agus an úsáid a bhaineann an Ostair as an mBaraiméadar Post Scilithe chun faireachán a dhéanamh ar riachtanais mhargadh an tsaothair agus chun freagairt orthu.

## 2. FORLÉARGAS AR GHANNTANAIS LUCHT SAOTHAIR AGUS SCILEANNA

**Tá ganntanas lucht saothair forleathan ar fud na n-earnálacha agus na ngairmeacha**. Ag deireadh 2024, bhí sciar na bhfostóirí a léirigh go raibh ganntanais lucht saothair mar thoisc a chuir teorainn leis an táirgeacht, bhí an sciar sin fós i bhfad níos airde ná na meáin a bhí ann roimh an bpaindéim i seirbhísí (26.8 %), sa tógáil (26 %) agus in earnáil na tionsclaíochta (18 %), d'ainneoin laghdú i gcomparáid le 2022. Tuairiscíodh na ganntanais is géire i ngairmeacha tógála agus innealtóireachta, TFC (e.g. anailísithe córais agus forbróirí bogearraí), cúram sláinte (e.g. cleachtóirí ginearálta, altraí agus roinnt dochtúirí speisialaithe), iompar (e.g. tiománaithe trucaile troma), cóiríocht agus seirbhísí a bhaineann le bia (e.g. cócairí agus freastalaithe), chomh maith le gairmeacha eile, mar shampla oibrithe ceirde miotail agus innealra.[5]

**Tá éagsúlachtaí sna príomhchúiseanna le ganntanais lucht saothair ar fud na n-earnálacha**. In earnálacha dar príomhthréith meánaois ard a lucht saothair (e.g. iompar), tá aosú an daonra ar cheann de na príomhchúiseanna le ganntanais lucht saothair.[6] In earnálacha atá ríthábhachtach don dá aistriú (e.g. earnálacha ETIM), tá ganntanas lucht saothair ann go príomha mar gheall ar éileamh méadaitheach ar scileanna nua agus riachtanais scileanna atá ag athrú.[7] Ar deireadh, in earnálacha eile, mar shampla na hearnálacha dianteagmhála (e.g. cúram sláinte agus turasóireacht), tá dálaí oibre neamhleora ina bpríomhspreagadh do ghanntanais lucht saothair.[6]

**Ag an am céanna, tá éagsúlachtaí sna ganntanais lucht saothair ar fud na mBallstát freisin**. Sa chéad ráithe de 2025, bhí an ráta folúntas os cionn 3 % san Ísiltír (4.2 %), sa Bheilg (4.1 %), san Ostair (3.6 %), agus i Málta (3.0 %), agus bhí sé faoi bhun 1 % sa Spáinn (0.9 %), sa Bhulgáir (0.9 %), sa Pholainn (0.8 %), agus sa Rómáin (0.6 %). Bhí mórghanntanais in earnáil na seirbhíse sa Bheilg (5 %), san Ísiltír (4.4 %), agus san Ostair (4.4 %). B'airde i réimse na tógála iad san Ísiltír (7.5 %) agus sa Bheilg (6.1 %). Thairis sin, in earnáil na tionsclaíochta, bhí na ganntanais ab airde fós san Ísiltír (4.1 %), sa Bheilg (3.3 %) agus san Ostair (3.2 %).[8]

---

5 Féach na *suirbhéanna ar Ghnó agus Tomhaltóirí* ón gCoimisiún.
6 Féach *Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip*, Athbhreithniú Bliantúil 2023, an Coimisiún Eorpach (2023).
7 Féach *Scileanna agus poist na hEorpa* ó Cedefop.
8 Féach sraith Eurostat jvs_q_nace2.

**Tá an ganntanas scileanna chomh práinneach céanna agus tá an baol ann go gcuirfidh sin srian ar chumas an Aontais nuáil a dhéanamh, a gheilleagar a nuachóiriú, agus freagairt ar athruithe geopholaitiúla agus teicneolaíocha**. Tuairiscíonn níos mó ná trí cheathrú de ghnólachtaí an Aontais (77 %) go bhfuil easpa foirne oilte ina bacainn ar infheistíocht fhadtéarmach, rud a d'fhéadfadh, dá réir sin, bac a chur ar an bhfás agus ar an iomaíochas. Thairis sin, bíonn deacrachtaí ag beagnach dhá thrian de FBManna (63 %) oibrithe a bhfuil na scileanna cearta acu a aimsiú, go háirithe cuideachtaí meánmhéide (68 %) agus cuideachtaí beaga (65 %).[9] Dearbhaíonn beagnach leath de FBManna (45 %) freisin go gcuireann ganntanais scileanna bac ar a n-iarrachtaí teicneolaíochtaí digiteacha a ghlacadh nó a úsáid, agus dúirt ceathrar as gach deichniúr (39 %) go gcruthaíonn na ganntanais sin deacrachtaí maidir lena ngníomhaíochtaí gnó a ghlasú.[10]

## 3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ BEARTAIS A RINNEADH LE DÉANAÍ

### *3.1. Gníomhaíochtaí lena dtacaítear le rannpháirtíocht níos airde sa mhargadh saothair*

**Ar fud an Aontais, tá dlús á chur ag na Ballstáit lena n-iarrachtaí borradh a chur faoin rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, go háirithe i gcás grúpaí faoi ghannionadaíocht**. Tá dlús curtha ag go leor acu leis an tacaíocht do dhaoine óga, i gcomhréir leis an *Ráthaíocht threisithe don Aos Óg*[11] agus na bacainní atá os comhair daoine óga atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, iargúlta nó uirbeacha faoi mhíbhuntáiste á gcur san áireamh, agus thug Ballstáit eile tosaíocht do bhearta saincheaptha do dhaoine atá i staideanna leochaileacha, mar shampla iad siúd atá faoi mhíchumas nó ó chúlra mionlaigh, i gcomhréir leis an b*Pacáiste Fostaíochta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas*[12] agus leis an *Moladh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach*.[13] Thuairiscigh roinnt acu gur tugadh céimeanna freisin chun rochtain ar chúram leanaí inacmhainne agus ar ardchaighdeán a fheabhsú — rud atá ríthábhachtach chun tacú le fostaíocht na mban agus na dtuismitheoirí sin a bhfuil leanaí óga acu. Sa chomhthéacs sin, d'athdhearbhaigh na rannpháirtithe a thábhachtaí atá sé an óige a chur i gcroílár bheartais mhargadh an tsaothair agus leag siad béim ar an gcomhionannas inscne mar phríomhchumasóir, a bhfuil dlúthbhaint aige le rochtain ar sheirbhísí cúraim agus le cothromaíocht oibre is saoil.

---

9 Féach *suirbhé infheistíochta BEI 2024* de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, chomh maith le *Flais-Eorabharaiméadar 537*.

10 Féach *Flash Eurobarometer 529*.

11 Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *A Bridge to Jobs – Reinforcing the Youth Guarantee* [Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú].

12 Féach Pacáiste Fostaíochta maidir le Daoine faoi Mhíchumas ón gCoimisiún.

13 Moladh ón gComhairle an 12 Márta 2021 maidir le Comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach.

**Tá dlús á chur freisin leis na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar dhearadh agus ar sheachadadh beartas gníomhach maidir leis an margadh saothair ar fud na hEorpa, rud a léiríonn aistriú i dtreo córais tacaíochta níos comhtháite agus níos duinelárnaí.** Tá méadú ag teacht ar an gcomhar idir seirbhísí poiblí fostaíochta agus codanna eile den riarachán náisiúnta, lena n-áirítear trí sonraí a chomhroinnt ar bhealach níos fearr agus trí acmhainneacht riaracháin a fheabhsú. Thacaigh uirlisí digiteacha leis na hathchóirithe sin, cé gur thuairiscigh roinnt Ballstát go bhfuil daoine ag filleadh ar chomhairleoireacht i bpearsa freisin, comhairleoireacht a mheastar a bheith níos éifeachtaí chun na daoine is leochailí a shroicheadh. D'aithin roinnt rannpháirtithe an luach a bhaineann leis na hathchóirithe sin agus d'iarr siad go leanfaí den dul chun cinn i dtreo córais tacaíochta chuimsitheacha duinelárnacha.

**Ag an am céanna, tá athchóirithe cánach agus sochar tagtha chun cinn mar phríomhionstraimí chun rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a chur chun cinn**. Tá athruithe tugtha isteach ag go leor Ballstát chun dídhreasachtaí a laghdú maidir le bheith ag obair, go háirithe i gcás saothraithe ar phá íseal, an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh agus grúpaí eile faoi ghannionadaíocht. Áirítear orthu sin coigeartuithe ar réimeanna cánach, díolúintí agus struchtúir sochair. Chuir roinnt rannpháirtithe i bhfios go láidir, áfach, nach féidir le hathchóirithe den sórt sin a bheith lánéifeachtach ach amháin má chuirtear feabhas ar an gcáilíocht post ag an am céanna. I ndáil leis an méid sin, leag eagraíochtaí fostaithe béim ar a thábhachtaí atá pá cothrom, dálaí oibre cuibhiúla, agus fostaíocht chobhsaí chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais leanúnacha lucht saothair agus scileanna.

**Lean an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí na mBallstát agus tá dul chun cinn á dhéanamh aige maidir lena ghealltanais faoin bPlean Gníomhaíochta**. Trí shnáithe nuálaíochta sóisialta Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), tá infheistíocht déanta aige i dtionscadail chun daoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna a ghníomhachtú agus a uas-sciliú, chun lánpháirtiú imirceach i margadh an tsaothair a chur chun cinn, agus chun dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac.[14] San anailís a sheol seirbhísí an Choimisiúin le déanaí ar leibhéal an Aontais, féachadh freisin ar bhearta lena spreagtar meascán den obair agus den scor, d'fhonn rannpháirtíocht daoine fásta níos sine i margadh an tsaothair a leathnú.[15]

---

**14** Féach ar shuíomh gréasáin CSE+.

15 Féach Tuarascáil Espan maidir le Conairí Scoir Solúbtha — Anailís ar bheartais in 28 dtír Eorpacha.

**Tá dul chun cinn déanta ag na comhpháirtithe sóisialta freisin maidir lena ngealltanais**. Thuairiscigh roinnt comhpháirtithe sóisialta náisiúnta maidir lena rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun fostaíocht oibrithe scothaosta a chur chun cinn — lena n-áirítear trí bhíthin dreasachtaí airgeadais, conairí solúbtha scoir, agus rochtain ar oiliúint. Thacaigh daoine eile leis an bhfiontraíocht, agus béim á leagan ar dhaoine óga, mná agus grúpaí leochaileacha. I gcásanna áirithe, thuairiscigh comhpháirtithe sóisialta ar a ról maidir le comhar neartaithe a éascú idir seirbhísí fostaíochta poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear trí bhíthin tionscnaimh chomhpháirteacha maidir le socrúchán fostaíochta, oiliúint agus gairmthreoir. Deimhnítear leis na rannchuidithe sin an ról tábhachtach atá ag na comhpháirtithe sóisialta maidir le margaí saothair cuimsitheacha athléimneacha a chothú, agus maidir le hiarrachtaí náisiúnta a ailíniú le tosaíochtaí an Aontais.

*3.2.Gníomhaíochtaí lena gcuirtear uas-sciliú agus athsciliú chun cinn*

**Tá iarrachtaí suntasacha beartais ar siúl ar fud an Aontais i réimse na scileanna, na hoiliúna agus an oideachais chun aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna**. Tá straitéisí náisiúnta scileanna athbhreithnithe nó glactha ag formhór na mBallstát chun lucht saothair atá réidh don todhchaí a thógáil, agus aird níos mó á tabhairt ar scileanna glasa, digiteacha agus bunúsacha. Tá athchóirithe ar chórais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna agus an t-athbhreithniú ar churaclaim oideachais agus oiliúna ag éirí níos coitianta, agus is minic a fhaigheann siad tacaíocht ó CSE+, ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ón Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil. Chun soláthar oiliúna a mheaitseáil ar bhealach níos fearr le riachtanais athraitheacha mhargadh an tsaothair, tá go leor tíortha ag neartú a gcóras faisnéise scileanna, ag infheistiú in uirlisí (mar shampla mórshonraí agus IS le haghaidh réamhaisnéise) agus ag leathnú tairiscintí oiliúna atá ailínithe leis an dá aistriú. Tá roinnt Ballstát ag déanamh dul chun cinn freisin maidir le comhpháirtíochtaí scileanna a chur chun feidhme faoin gComhshocrú um Scileanna agus *Acadaimh Scileanna*[16] *um an Tionscal Glan-nialasachta*[17] a sheoladh, agus tá go leor acu ag leanúint dá n-iarrachtaí freisin tacú le forbairt na micridhintiúr agus na gcuntas foghlama aonair.

---

16 Tá an Comhshocrú um Scileanna ar cheann de na gníomhaíochtaí suaitheanta faoin gClár Oibre Scileanna don Eoraip.

17 I gcomhréir leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, cuireann na hacadaimh oiliúint agus oideachas ar fáil maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta.

**Tá dul chun cinn seasta á dhéanamh ag an gCoimisiún maidir lena ghealltanais faoin bPlean Gníomhaíochta**. Ó seoladh é, tá *Comhpháirtíochtaí Scileanna Réigiúnacha*[18] nua bunaithe aige agus tá infheistíocht shuntasach á hullmhú aige in *Ionaid Barr Feabhais Gairme* — rud a threisíonn uaillmhian an Aontais 100 lárionad a chistiú faoi 2027.[19] An 5 Márta 2025, thíolaic an Coimisiún a thionscnamh chun Aontas Scileanna a thógáil, darb aidhm deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur ar fáil do chách agus tacaíocht ar leibhéal an Aontais do chórais náisiúnta a chuíchóiriú.[20] Áirítear sa tionscnamh freisin céimeanna chun *Acadaimh Scileanna an Aontais* a threisiú agus chun comhar níos dlúithe a chur chun cinn le soláthraithe oideachais, cuideachtaí agus comhpháirtithe sóisialta.

**Tá na comhpháirtithe sóisialta fós ina bpríomhghníomhaithe maidir le cuspóirí a bhaineann le scileanna a bhaint amach.** Tá siad ag obair in éineacht le soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, institiúidí oiliúna agus fostóirí chun tacú le huas-sciliú agus athsciliú oibrithe – lena n-áirítear iad siúd atá i gcásanna leochaileacha – agus chun cáilíocht agus inrochtaineacht printíseachtaí a fheabhsú. Rannchuidigh roinnt eagraíochtaí le gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe a shainaithint agus le cuir chuige chomhpháirteacha maidir le cáilíochtaí ETIM a chur chun cinn. Ar an leibhéal náisiúnta, tá na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach freisin i gcórais gairmoideachais agus gairmoiliúna a nuachóiriú agus i soláthar oiliúna a ailíniú le riachtanais scileanna earnáilsonracha, agus ag an am céanna, leanann siad de ról a bheith acu i gcur chun feidhme chláir an Aontais lena gcuirtear foghlaim ar feadh an tsaoil chun cinn.

**Ag féachaint chun cinn, d'iarr eagraíochtaí fostóirí agus eagraíochtaí fostaithe araon go ndéanfaí gníomhaíocht níos láidre ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais maidir le réamh-mheas agus réamhaisnéis scileanna.** Chuir ionadaithe fostaithe i dtábhacht freisin nár cheart an t-athchóiriú oideachais a bheith á thiomáint ag éileamh mhargadh an tsaothair amháin, agus béim á leagan acu ar an tábhacht a bhaineann leis an gceart chun oiliúna agus le dreasachtaí a chruthú d'fhostóirí chun infheistíocht a dhéanamh ina lucht saothair. Ba dhíol sásaimh do na rannpháirtithe i gcoitinne seoladh *Aontas na Scileanna* mar chéim thráthúil straitéiseach chun cinn – céim lenar féidir cabhrú le cuspóirí comhroinnte a athrú ina dtorthaí nithiúla agus lena n-áiritheofar go mbeidh lucht saothair na hEorpa feistithe don saol amach anseo.

---

18 Tá liosta de Chomhpháirtíochtaí Scileanna Réigiúnacha ar fáil ar líne.
19 Tá tuilleadh eolais faoi na hIonaid Barr Feabhais Gairme ar fáil ar líne.
20 Féach an Teachtaireacht maidir le hAontas na Scileanna.

*3.3. Gníomhaíochtaí chun dálaí oibre a fheabhsú*

**Tá dlús athnuaite curtha leis na hiarrachtaí chun dálaí oibre a fheabhsú ar fud an Aontais, agus tá ról níos réamhghníomhaí ag rialtais, institiúidí agus comhpháirtithe sóisialta.** Tá dul chun cinn déanta ag go leor Ballstát maidir le treoracha an Aontais le déanaí maidir le dálaí oibre a thrasuí, agus tá an *Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach*[21] curtha chun feidhme ag an gcuid is mó acu agus tá roinnt dul chun cinn á dhéanamh acu maidir le cinn eile, lena n-áirítear maidir le haispeist, dé-isicianáití agus luaidhe[22]. Ag an am céanna, tá bearta déanta ag na húdaráis náisiúnta chun forfheidhmiú dhlí an tsaothair a neartú, mar shampla, trí chigireachtaí saothair a fheabhsú, trí phionóis as neamhchomhlíonadh a mhéadú, agus trí infheistíocht a dhéanamh in uirlisí digiteacha. Tuairiscíodh freisin iarrachtaí chun feabhas a chur ar dhálaí oibre na bpost a bhaineann leis an aistriú glas, go minic mar chuid de straitéisí níos leithne chun an *Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú* a bhaint amach.[23] Ar an iomlán, tagann na forbairtí sin chun cinn tráth a bhfuil ionchais na saoránach maidir le fostaíocht chuibhiúil fhiúntach ag dul i méid, agus tá cáilíocht na bpost ag éirí ríthábhachtach chun an obair a dhéanamh níos tarraingtí, go háirithe in earnálacha ina bhfuil ganntanas daoine.

---

**21** Treoir (AE) 2022/2041 an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach.

**22** Treoir (AE) 2024/869 an 13 Márta 2024 lena leasaítear Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/24/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na teorainnluachanna le haghaidh luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach agus le haghaidh dé-isicianáití.

**23** Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú.

**Tá breis is leath dá ghealltanais a bhaineann le dálaí oibre faoin bPlean Gníomhaíochta comhlíonta ag an gCoimisiún agus tá dul chun cinn á dhéanamh aige maidir leis na gealltanais atá fágtha.** I measc na bpríomhthionscnamh a cuireadh i láthair ag an gcruinniú trípháirteach, bhí an togra le haghaidh *Moladh ón gComhairle maidir le gairmeacha tarraingteacha inbhuanaithe san ardoideachas*[24], togra maidir le *Creat Cáilíochta treisithe le haghaidh Tréimhsí Oiliúna*[25], agus an t-ullmhúchán leanúnach do thionscnamh reachtach féideartha maidir leis an teilea-obair agus an ceart chun dícheangal[26]. D'éascaigh an Coimisiún piarfhoghlaim freisin maidir le cuir chuige na mBallstát chun dul i ngleic le rioscaí síceasóisialta ag an obair[27], agus tá gníomhaíocht reachtach bhreise á hullmhú aige chun cosaint níos fearr a thabhairt d'oibrithe ar nochtadh do shubstaintí guaiseacha[28]. Ina theannta sin, tá sé ag tacú le hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mheabhairshláinte in earnálacha ar nós an chúraim sláinte, ina bhfuil dálaí oibre fós faoi bhrú.

**Tá rannchuidiú tábhachtach déanta ag na comhpháirtithe sóisialta freisin, i gcomhréir lena ngealltanais sa Phlean Gníomhaíocht**a. Thuairiscigh eagraíochtaí ceardchumainn gníomhaíochtaí chun cleachtais náisiúnta a ailíniú le reachtaíocht an Aontais maidir le trédhearcacht pá, pá íosta leordhóthanach, agus sláinte agus sábháilteacht cheirde. Is é is aidhm do roinnt tionscnamh freisin idirdhealú san ionad oibre a chosc, cóir chomhionann a chur chun cinn, agus timpeallachtaí oibre cuimsitheacha a fhorbairt, go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas. Ó thaobh na bhfostóirí de, tá feachtais éagsúlachta agus cuimsithe seolta ag eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta, tá dul chun cinn déanta acu ar an gcómhargáil chun dálaí oibre a fheabhsú, agus rinne siad beart chun obair neamhdhearbhaithe agus ciapadh san ionad oibre a chomhrac. I dteannta a chéile, léiríonn na gníomhaíochtaí sin conas is féidir leis an idirphlé sóisialta feidhmiú mar bhealach ní hamháin don chomhlíontacht, ach don nuálaíocht i gcleachtais fostaíochta freisin.

---

[24] Moladh ón gComhairle an 25 Samhain 2024 maidir le gairmeacha tarraingteacha inbhuanaithe san ardoideachas.

[25] Tá na tionscnaimh seo á gcaibidil ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa faoi láthair.

[26] Ta an Coimisiún ag dul i gcomhairle le comhpháirtithe sóisialta.

[27] Féach an tAthbhreithniú Piaraí ar chuir chuige reachtacha agus forfheidhmithe chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí síceasóisialta ag an obair sna Ballstáit..

[28] An 18 Iúil mhol an Coimisiún coimircí níos láidre d'oibrithe a nochtar do shubstaintí guaiseacha.

**D'ainneoin an dul chun cinn sin, thug roinnt rannpháirtithe dá n-aire go raibh dúshláin leanúnacha ann maidir le treoracha an Aontais a thrasuí agus a chur chun feidhme go hiomlán ar fud na mBallstát uile.** D'iarr eagraíochtaí fostaithe go ndéanfaí iarrachtaí leanúnacha chun a áirithiú gur féidir le gach oibrí tairbhe a bhaint as cosaintí láidre agus dálaí oibre cuibhiúla, agus chuir siad i bhfios go láidir go bhfuil infheistíocht leanúnach – lena n-áirítear trí ionstraimí de chuid an Aontais amhail an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) — ríthábhachtach i gcónaí chun tacú le forfheidhmiú agus comhlíonadh éifeachtach dhlí an tsaothair.

*3.4. Gníomhaíochtaí lena n-éascaítear soghluaisteacht an lucht saothair agus lena mealltar tallann ó thíortha lasmuigh den Aontas*

**De réir mar a thagann méadú ar bhrúnna déimeagrafacha agus de réir mar a threisíonn an iomaíocht le haghaidh tallann dhomhanda, tá soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas agus mealladh daoine tréitheacha idirnáisiúnta ag teacht chun cinn mar phríomhréimsí beartais le haghaidh gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna ar fud an Aontais.** Tá iarrachtaí á gcur chun cinn ag formhór na mBallstát chun an Moladh ón gComhairle, mar atá, 'An Eoraip ag Bogadh' a chur chun feidhme, le tacaíocht mhéadaitheach don tsoghluaisteacht foghlama ar fud na n-earnálacha oideachais agus oiliúna uile.[29] Tá bearta déanta ag go leor acu chun aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla a éascú, lena n-áirítear trí athchóirithe reachtacha, cé gur thug na rannpháirtithe dá n-aire go bhfuil an dul chun cinn fós míchothrom agus d'iarr siad go gcuirfí chun feidhme níos tapúla é chun difríocht nithiúil a dhéanamh ar an láthair.

**Tá dul chun cinn á dhéanamh freisin maidir le digiteáil chomhordú na slándála sóisialta**, agus tá an *Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta* (EESSI)[30] curtha chun feidhme go hiomlán ag grúpa mór Ballstát, agus tá Ballstáit eile ag déanamh píolótú nó ag breathnú ar fhorbairt an *Phas Eorpaigh Slándála Sóisialta* (ESSPASS).[31] Ag an am céanna, tá cigireachtaí comhpháirteacha leis an Údarás Eorpach Saothair (ELA) ag éirí níos coitianta, rud a léiríonn infheistíocht níos mó sa chomhar trasteorann. Tá na hiarrachtaí sin ag rannchuidiú le soghluaisteacht níos rianúla d'oibrithe agus le forfheidhmiú níos fearr ar chearta saothair.

---

29 Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2024 ar a dtugtar'An Eoraip ag Bogadh' – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách.

30 EESSI - seo córas TF díláraithe a chuidíonn le hinstitiúidí slándála sóisialta ar fud an Aontais faisnéis a bhaineann le brainsí éagsúla a luaitear thuas a mhalartú ar bhealach níos tapúla agus níos sláine.

31 ESSPASS – seo tionscadal atá ceaptha chun é a dhéanamh níos éasca do dhaoine aonair a gcearta slándála sóisialta a fheidhmiú nuair a bhíonn siad i dtír Eorpach eile.

**Tá sciar suntasach dá ghealltanais sa Phlean Gníomhaíochta comhlíonta ag an gCoimisiún sa réimse sin agus tá dul chun cinn á dhéanamh aige maidir leis an gcuid eile.** I measc na dtionscnamh a rinneadh le déanaí tá pacáiste céime Eorpaí chun deireadh a chur le bacainní ar aitheantas cáilíochtaí agus tréimhsí foghlama thar lear[32], agus togra chun nósanna imeachta maidir le postú a chuíchóiriú trí fhoirm choiteann dearbhaithe dhigitigh[33]. Tá tionscadal píolótach á sheoladh ag ELA freisin chun ríomh luach saothair oibrithe ar postú a éascú. I réimse na himirce dleathaí, tá an Coimisiún ag treisiú *Comhpháirtíochtaí Tallainne* le tíortha comhpháirtíochta roghnaithe[34] agus ag feabhsú *Ardán an Aontais maidir le hImirce Saothair*, ag cur tacaíocht nithiúil ar fáil do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais sa mhargadh saothair.[35]

**Tá na comhpháirtithe sóisialta ag rannchuidiú go gníomhach le soghluaisteacht an lucht saothair agus le himirce chothrom.** Tá eagraíochtaí fostóirí agus fostaithe ag déanamh faireacháin ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna i bpríomhearnálacha agus ag tacú le soghluaisteacht i dtreo gairmeacha a bhfuil éileamh mór orthu. Tá soghluaisteacht á cur chun cinn acu freisin trí Erasmus+ agus EURES, ag simpliú nósanna imeachta riaracháin, agus ag obair chun deireadh a chur le bacainní dlíthiúla agus praiticiúla d'oibrithe oilte. I roinnt tíortha, bhí comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach in athchóirithe lena n-éascaítear earcaíocht ó thíortha lasmuigh den Aontas – lena n-áirítear tacaíocht do Chomhpháirtíochtaí Tallainne, tionscnamh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, agus cláir oiliúna a bhaineann le conairí imirce.

**Is tosaíocht chomhroinnte i gcónaí é dálaí córa cuibhiúla a áirithiú d'oibrithe imirceacha.** Tá seirbhísí treorach fostaíochta á bhfeabhsú ag roinnt Ballstát mar chuid de chláir lánpháirtíochta níos leithne, lena n-áirítear freisin oiliúint teanga agus cigireachtaí saothair neartaithe chun dúshaothrú saothair a chosc. Ag an am céanna, tá dlús curtha ag na comhpháirtithe sóisialta lena n-iarrachtaí seasamh le dálaí oibre cothroma agus tacú le lánpháirtiú oibrithe imirceacha i margadh an tsaothair. Chuir na rannpháirtithe i bhfios go láidir nach amháin gur riachtanas sa mhargadh saothair í an imirce dhleathach atá dea-bhainistithe agus cóir, ach gur infheistíocht straitéiseach í freisin sa chomhtháthú sóisialta, i gcomhpháirtíochtaí domhanda agus sa rathúnas fadtéarmach.

---

32 Teachtaireacht maidir le treoirphlean le haghaidh céim Eorpach.

33 Tá an tionscnaimh seo á chaibidil i láthair na huaire ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa.

34 Fógraíodh Comhpháirtíochtaí Tallainne sa Chomhshocrú nua maidir le hImirce agus Tearmann.

35 Seoladh an tArdán um Imirce Lucht Saothair, ar táirge insoláthartha den phacáiste Scileanna agus Tallainne é, i mí Eanáir 2023.

## 4. CONCLÚIDÍ

**Cé go bhfuil laghdú beag tagtha ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna óna mbuaicphointe in 2022, tá siad fós ar leibhéil níos airde ná riamh ar fud fhormhór na mBallstát agus leanann siad de thionchar a imirt ar ghnólachtaí de gach méid agus de gach earnáil.** Mura dtabharfar aghaidh ar na ganntanais sin, tá an baol ann go mbainfear an bonn d'acmhainneacht nuálaíochta an Aontais, go ndíspreagfar infheistíocht, agus go lagófar a iomaíochas agus bunchloch a shamhla sóisialta araon. Is bagairt dhíreach iad freisin ar sheachadadh rathúil an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, a bhraitheann ar lucht saothair a bhfuil na scileanna cearta acu. Mar a cuireadh i bhfios go láidir i dtuarascáil Mario Draghi maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa, tá sé ríthábhachtach borradh a chur faoi sholáthar scileanna ábhartha chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais a neartú[36].

**Bliain amháin tar éis a ghlactha, cé go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí i roinnt príomhréimsí, is féidir a mheas go bhfuil dul chun cinn maith déanta maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta, agus tá níos mó ná leath de na gealltanais a tugadh comhlíonta ag an gCoimisiún – ó mhí Iúil ar aghaidh.** Thuairiscigh formhór na mBallstát tionscnaimh i gcomhréir leis na glaonna ar ghníomhaíocht a áirítear sa Phlean Gníomhaíochta. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an gCoimisiún freisin maidir leis na gealltanais atá fágtha aige. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag na comhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear a gcleamhnaithe náisiúnta, maidir leis na gealltanais uile atá faoina sainchúram a chomhlíonadh. Ag an am céanna, leag na rannpháirtithe béim tríd is tríd ar an ngá atá le dlús a chur leis an ngníomhaíocht maidir le dálaí oibre a fheabhsú, soghluaisteacht chothrom laistigh den Aontas a éascú, agus tallann a mhealladh ó lasmuigh den Aontas. I bhfianaise neamhréireanna leanúnacha i margadh an tsaothair agus riachtanais saothair, chuir na rannpháirtithe in iúl gur spéis leo leanúint de mhalartuithe trípháirteacha maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta. Leag siad béim freisin ar a thábhachtaí atá sé luas na n-athchóirithe a choinneáil ar bun agus dlús a chur leo chun freagairtí beartais éifeachtacha agus inbhuanaithe a bhaint amach.

---

36 Todhchaí iomaíochas na hEorpa: Tuarascáil ó Mario Draghi:.

**Trí na Ballstáit, an Coimisiún agus comhpháirtithe sóisialta an Aontais agus comhpháirtithe sóisialta náisiúnta a thabhairt le chéile, d'athdhearbhaigh cruinniú PAG EMCO luach straitéiseach an idirphlé thrípháirtigh mar bhunchloch de shamhail shóisialta an Aontais.** Chuir sé ardán struchtúrtha ar fáil d'ionadaithe fostóirí agus fostaithe chun teagmháil dhíreach a dhéanamh le lucht ceaptha beartas náisiúnta agus an Aontais, rud a chumasaíonn malartuithe cuiditheacha maidir le tosaíochtaí comhroinnte. Leanfaidh an Coiste de dheiseanna a chothú chun úinéireacht chomhroinnte ar chuspóirí coiteanna a neartú agus samplaí nithiúla den dul chun cinn a chur i láthair agus réimsí a dteastaíonn iarrachtaí comhpháirteacha breise ina leith á sainaithint aige ag an am céanna.